2026/790

10.4.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/790 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Aibreán 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 a mhéid a bhaineann le plandaí *Acer griseum, Acer platanoides, Acer rubrum, Acer saccharinum, Acer saccharum, Acer tataricum, Acer tataricum* fospeiceas *ginnala* agus *Acer* × *freemanii*, le haghaidh plandú, de thionscnamh na hÚcráine

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 42(4), an chéad fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún ([2]), bunaítear, ar bhonn réamh-mheasúnú riosca, liosta plandaí, táirgí plandaí agus réad eile a mbaineann ardriosca leo, de réir bhrí Airteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2016/2031, a mbeidh toirmeasc ar a dtabhairt isteach i gcríoch an Aontais go dtí go ndéanfar measúnú riosca.

(2) Tar éis réamh-mheasúnú a dhéanamh, cuireadh 34 ghéineas agus speiceas amháin de phlandaí le haghaidh plandú de thionscnamh tríú tíortha ar an liosta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 go sealadach mar phlandaí a mbaineann ardriosca leo. Tá an géineas *Acer* L. ar an liosta sin.

(3) An 8 Meitheamh 2023, chuir an Úcráin iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin maidir le plandaí *Acer griseum*, *Acer platanoides*, *Acer rubrum*, *Acer saccharinum*, *Acer saccharum*, *Acer tataricum*, *Acer tataricum* fospeiceas *ginnala* agus *Acer* × *freemanii* le haghaidh plandú, atá suas le 4 bliana d'aois, iad fréamhlom, suanach, gan duilleoga orthu, ar airde uasta 4 m, de thionscnamh na hÚcráine agus plandaí *Acer griseum*, *Acer platanoides*, *Acer rubrum*, *Acer saccharinum*, *Acer saccharum*, *Acer tataricum*, *Acer tataricum* fospeiceas *ginnala* agus *Acer* × *freemanii* le haghaidh plandú, atá suas le 2 bhliain d'aois, iad suanach, gan duilleoga orthu, i ndamhna fáis, ar airde uasta 3 m, de thionscnamh na hÚcráine ('na plandaí ábhartha'), a onnmhairiú chuig an Aontas. Cuireadh an sainchomhad teicniúil ábhartha isteach leis an iarraidh sin.

(4) An 25 Meitheamh 2025 ghlac an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') tuairim eolaíoch maidir le measúnú riosca na bplandaí le haghaidh plandú ar na plandaí ábhartha ([3]). Shainaithin an tÚdarás *Cryphonectria parasitica*, *Entoleuca mammata* agus *Lopholeucaspis japonica* mar lotnaidí atá ábhartha do na plandaí sin, rinne sé meastóireacht ar na bearta maolaithe ar a dtugtar tuairisc sa sainchomhad agus rinne sé meastachán ar an dóchúlacht atá ann go mbeadh na plandaí ábhartha saor ó na lotnaidí sin.

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/2031/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 lena mbunaítear liosta sealadach plandaí, táirgí plandaí agus réad eile a mbaineann ardriosca leo de réir bhrí Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2016/2031 agus liosta plandaí nach bhfuil deimhnithe fíteashláintíochta ag teastáil ina leith lena dtabhairt isteach san Aontas, de réir bhrí Airteagal 73 den Rialachán sin (IO L 323, 19.12.2018, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/2019/oj).

([3]) Painéal EFSA maidir le Sláinte Plandaí, 'Measúnú riosca tráchtearraí ar phlandaí *Acer* ón Úcráin', *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2025, 23(7); e9571, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9571.

(5) Liostaítear *Lopholeucaspis japonica* mar lotnaid choraintín de chuid an Aontais in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún ([4]), agus liostaítear *Cryphonectria parasitica* agus *Entoleuca mammata* mar lotnaidí coraintín de chuid criosanna cosanta in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(6) Ar bhonn na tuairime ón Údarás, meastar go laghdaítear an riosca físeashláintíochta a bhaineann leis na plandaí ábhartha a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais go dtí leibhéal inghlactha, ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais speisialta chomhfhreagracha maidir lena dtabhairt isteach i gcríoch an Aontais, a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072.

(7) Dá thoradh sin, plandaí *Acer griseum*, *Acer platanoides*, *Acer rubrum*, *Acer saccharinum*, *Acer saccharum*, *Acer tataricum*, *Acer tataricum* fospeiceas *ginnala* agus *Acer* × *freemanii* le haghaidh plandú, atá suas le 4 bliana d'aois, iad fréamhlom, suanach, gan duilleoga orthu, ar airde uasta 4 m, de thionscnamh na hÚcráine agus plandaí *Acer griseum*, *Acer platanoides*, *Acer rubrum*, *Acer saccharinum*, *Acer saccharum*, *Acer tataricum*, *Acer tataricum* fospeiceas *ginnala* agus *Acer* × *freemanii* le haghaidh plandú, atá suas le 2 bhliain d'aois, iad suanach, gan duilleoga orthu, i ndamhna fáis, ar airde uasta 3 m, de thionscnamh na hÚcráine, níor cheart iad a mheas mar phlandaí ardriosca a thuilleadh.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, iad a bhaint den liosta plandaí, táirgí plandaí agus réad eile a mbaineann ardriosca leo a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 a leasú dá réir.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Aibreán 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosanta in aghaidh lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/2072/oj).

IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019, i bpointe 1, sa tábla, sa dara colún 'Tuairisc', cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le *Acer* L.:

'*Acer* L., seachas:

— plandaí *Acer japonicum* Thunberg, *Acer palmatum* Thunberg, agus *Acer shirasawanum Koidzumi* le haghaidh plandú, atá idir 1 bhliain agus 3 bliana d'aois, iad fréamhlom, suanach, saor ó dhuilleoga, beangaithe nó a bhfuil bachlóga orthu, de thionscnamh na Nua-Shéalainne;

— plandaí *Acer campestre* le haghaidh plandú, atá suas le 15 bliana d'aois, nach mó ná 88 mm an trastomhas acu ag bonn an ghais, de thionscnamh na Ríochta Aontaithe;

— plandaí *Acer palmatum* le haghaidh plandú, atá suas le 7 mbliana d'aois, nach mó ná 40 mm an trastomhas acu ag bonn an ghais, de thionscnamh na Ríochta Aontaithe;

— plandaí *Acer platanoides* le haghaidh plandú, atá suas le 7 mbliana d'aois, nach mó ná 40 mm an trastomhas acu ag bonn an ghais, de thionscnamh na Ríochta Aontaithe;

— plandaí *Acer pseudoplatanus* le haghaidh plandú, atá suas le 7 mbliana d'aois, nach mó ná 88 mm an trastomhas acu ag bonn an ghais, de thionscnamh na Ríochta Aontaithe;

— plandaí *Acer griseum*, *Acer platanoides*, *Acer rubrum*, *Acer saccharinum*, *Acer saccharum*, *Acer tataricum*, *Acer tataricum* fospeiceas *ginnala* agus *Acer* × *freemanii* le haghaidh plandú, atá suas le 4 bliana d'aois, iad fréamhlom, suanach, gan duilleoga orthu, ar airde uasta 4 m, de thionscnamh na hÚcráine; agus

— plandaí *Acer griseum*, *Acer platanoides*, *Acer rubrum*, *Acer saccharinum*, *Acer saccharum*, *Acer tataricum*, *Acer tataricum* fospeiceas *ginnala* agus *Acer* × *freemanii* le haghaidh plandú, atá suas le 2 bhliain d'aois, iad suanach, gan duilleoga orthu, i ndamhna fáis, ar airde uasta 3 m, de thionscnamh na hÚcráine.'.